

## Buama sa Rúis

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhuama sa Rúis. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. na scórtha	a. <i>shrapnel</i>
2. gortaithe	b. <i>explosion</i>
3. srapnal	c. <i>causes, reasons</i>
4. ionsaí sceimhlitheoireachta	d. <i>the devices</i>
5. pléascadh	e. <i>additional security policies</i>
6. údair	f. <i>the scores</i>
7. na meáin shóisialta	g. <i>social media</i>
8. na gairis	h. <i>hurt, injured</i>
9. cuir as an áireamh	i. <i>rule out</i>
10. beartais bhreise slándála	j. <i>terrorist attack</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó cheist 1 thuas chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre.

### Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Maraíodh na scórtha i mbuama i gCathair Pheadair na Rúise.
2. Dúirt Príomh-Aire na Rúise gur ionsaí sceimhlitheoireachta a bhí ann.
3. Thug na meáin shóisialta léargas ar an slad a rinneadh sa stáisiún traenach.
4. Meastar gur buama lán de shrapnal a bhí ann.
5. Dúirt Vladimir Putin go bhfuil na seirbhísí slándála ag déanamh a ndíchill marthanóirí a tharrtháil.
6. Tá an gréasán traenach i Moscó dúnta faoi láthair.

**Ceist 4** Bí ag obair leis an duine in aice leat.

Féachaigí ar script na míre thíos – tá an séimhiú fágtha ar lár seacht n-uaire ann. An féidir libh gach séimhiú a chur san áit chuí? Éistigí leis an tuairisc arís ansin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Thar lear, tá deichniúr marbh agus na scórtha gortaithe in ionsaí buamála i gCathair Pheadair, an dara cathair is mó sa Rúis. Tuairiscítear gur buama lán le srápnal ba cúis leis an bpléascadh. Ionsaí sceimhlitheoireachta a thug Príomh-Aire na Rúise air, cé go bhfuil údair eile fós á bhfiosrú.

Tuairiscítear gur ar traein a bhí ag tarraingt amach as stáisiún Metro Sennaya i lár Cathair Pheadair a tharla an pléascadh thart ar a 2.30pm. Léiríonn radhairc a cuireadh ar na meáin sóisialta ón láthair an damáiste a rinneadh – gur cuireadh amach doirse na traenach agus go raibh roinnt daoine ina luí ar an ardán agus iad gortaithe. Dúirt ceann de na háisíneachtaí nuachta go mba léir go raibh srápnal i gceann de na gairis.

Bhí Uachtarán na Rúise, Vladimir Putin, i gCathair Pheadair ar maidin agus dúirt sé go bhfuil na seirbhísí slándála ar a ndícheall ag iarraidh a dhéanamh amach céard ba chúis leis an bpléascadh. Dúirt sé nach bhféadfaí ionsaí sceimhlitheoireachta a chur as an áireamh. Tá an gréasán traenach faoi talamh i gCathair Pheadair dúnta ó sin agus tuairiscítear go bhfuil beartais bhreise slándála curtha i bhfeidhm i Moscó.

**Ceist 5** ‘...ar maidin...’

Cuir na téarmaí ama seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

arú inné  
anuraidh  
arú amárach  
riamh  
choíche  
go deo

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil líon ard ionsaithe sceimhlitheoireachta san Eoraip faoi láthair, dar leat?
2. Cén cineál uachtaráin é Vladimir Putin, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	h	a	j	b	c	g	d	i	e

### Ceist 2

Féach an script.

### Ceist 3

1. Bréagach. Maraíodh deichniúr agus gortaíodh na scórtha.
2. Fíor. Ach, tá údair eile á bhfiosrú.
3. Fíor.
4. Fíor.
5. Bréagach. Dúirt sé 'go bhfuil na seirbhísí slándála ar a ndícheall ag iarraidh a dhéanamh amach céard ba chúis leis an bpléascadh'.
6. Bréagach. Tá siad dúnta i gCathair Pheadair agus 'tuairiscítear go bhfuil beartais bhreise slándála curtha i bhfeidhm i Moscó'.

### Ceist 4

Thar lear, tá deichniúr marbh agus na scórtha gortaithe in ionsaí buamála i gCathair Pheadair, an dara cathair is mó sa Rúis. Tuairiscítear gur buama lán le srápnal ba chúis leis an bpléascadh. Ionsaí sceimhlitheoireachta a thug Príomh-Aire na Rúise air, cé go bhfuil údair eile fós á bhfiosrú.

Tuairiscítear gur ar thraein a bhí ag tarraingt amach as stáisiún Metro Sennaya i lár Chathair Pheadair a tharla an pléascadh thart ar a 2.30pm. Léiríonn radhairc a cuireadh ar na meáin shóisialta ón láthair an damáiste a rinneadh – gur cuireadh amach doirse na traenach agus go raibh roinnt daoine ina luí ar an ardán agus iad gortaithe. Dúirt ceann de na háisíneachtaí nuachta go mba léir go raibh srápnal i gceann de na gairis.

Bhí Uachtarán na Rúise, Vladimir Putin, i gCathair Pheadair ar maidin agus dúirt sé go bhfuil na seirbhísí slándála ar a ndícheall ag iarraidh a dhéanamh amach céard ba chúis leis an bpléascadh. Dúirt sé nach bhféadfaí ionsaí sceimhlitheoireachta a chur as an áireamh. Tá an gréasán traenach faoi thalamh i gCathair Pheadair dúnta ó shin agus tuairiscítear go bhfuil beartais bhreise slándála curtha i bhfeidhm i Moscó.

### Ceist 5

arú inné – the day before yesterday

anuraidh – last year

arú amárach – the day after tomorrow

riamh – never (san aimsir chaite agus san aimsir láithreach)

choíche – never (san aimsir fháistineach)

go deo – never, ever again (san aimsir fháistineach)

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

Thar lear, tá deichniúr marbh agus na scórtha gortaithe in ionsaí buamála i gCathair Pheadair, an dara cathair is mó sa Rúis. Tuairiscítear gur buama lán le srápnal ba chúis leis an bpléascadh. Ionsaí sceimhlitheoireachta a thug Príomh-Aire na Rúise air, cé go bhfuil údair eile fós á bhfiosrú.

Tuairiscítear gur ar thraein a bhí ag tarraingt amach as stáisiún Metro Sennaya i lár Chathair Pheadair a tharla an pléascadh, thart ar a leathuair tar éis a dó. Léiríonn radharcanna<sup>1</sup> a cuireadh ar na meáin shóisialta ón láthair an damáiste a deineadh<sup>2</sup> – gur cuireadh amach doirse na traenach agus go raibh roinnt daoine ina luí ar an ardán agus iad gortaithe. Dúirt ceann de na háisíneachtaí nuachta go mba léir go raibh srápnal i gceann de na gairis.

Bhí Uachtarán na Rúise, Vladimir Putin, i gCathair Pheadair ar maidin agus dúirt sé go bhfuil na seirbhísí slándála ar a ndícheall ag iarraidh a dhéanamh amach céard ba chúis leis an bpléascadh. Dúirt sé nach bhféadfaí ionsaí sceimhlitheoireachta a chur as an áireamh. Tá an gréasán traenach faoi thalamh i gCathair Pheadair dúnta ó shin agus tuairiscítear go bhfuil beartais bhreise slándála curtha i bhfeidhm i Moscó.

---

<sup>1</sup> *radhairc* an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> *rinneadh* an leagan caighdeánach